## Cnuaschruinnithe: Faisnéis Thábhachtach agus Prótacail Freastail do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCanna)

- Ní mór do MNCanna páirt a ghlacadh i gcnuaschruinniú éagsúil amháin in aghaidh an téarma ar feadh a bpróisis Droichead. Is gá do MNCanna freastal ar Chnuaschruinniú 1/Cluster Meeting 1 (CC 1/CM 1) sula bhfreastalóidh siad ar Chnuaschruinniú 2/Cluster Meeting 2 (CC 2/CM 2) agus/nó ar Chnuaschruinniú 3/Cluster Meeting 3 (CC 3/ CM 3). Ar CC 1 a chríochnú go rathúil, ba chóir cnuaschruinnithe ina dhiaidh sin a chríochnú in ord seicheamhach.
- Tá cnuaschruinnithe sonrach do chonair chlárúcháin MNC (bunscoil/iar-bhunscoil). Dá bhrí sin, ní mór do MNCanna páirt a ghlacadh sa chnuaschruinniú/sna cnuaschruinnithe atá ábhartha dá gconair chlárúcháin amháin. Ní mór do MNCanna atá ag múineadh i Scoileanna Speisialta páirt a ghlacadh sa chnuaschruinniú a bhaineann leis an gconair chlárúcháin faoinar chláraigh siad leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Éascófar CC 1/CM 1 aghaidh ar aghaidh in ionaid tacaíochta oideachais (ITOanna) áitiúla. Éascófar CC 2 agus CC 3 ar líne.
- Níl ach méid áirithe spásanna ar fáil agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí Cnuaschruinnithe (aghaidh ar aghaidh agus ar líne), a mhaireann dhá uair an chloig, ar ceal mura mbeidh an líon íosta MNCanna atá riachtanach cláraithe.
- Le haghaidh PDF de na sleamhnáin agus eolas maidir le riachtanais chnuaschruinnithe féach ar *Cnuaschruinnithe:* https://oide.ie/ga/droichead/baile/bunscoil/ábhair-foghlama-ghairmiúla/cnuaschruinnithe.
- B'fhéidir gur mhaith le MNCanna na sleamhnáin sin a bhreith leo chuig an gcnuaschruinniú chun tacú leo lena gcuid rannpháirtíochta.
- Meabhraítear do MNCanna, agus iad ag gabháil do chnuaschruinnithe go ndéanann siad amhlaidh ar bhealach gairmiúil. Táthar ag súil le hiompar, rannpháirtíocht agus comhoibriú gairmiúil agus tú ag freastal agus ag plé le cnuaschruinnithe. Tá sé seo ag teacht le Cód Iompair Phroifisiúnta do Mhúinteoirí 2016 de chuid na Comhairle Múinteoireachta: https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2025/01/an-cod-iompair-ghairmiuil-do-mhuinteoiri1.pdf. Maidir le cnuaschruinnithe ar líne, ní mór do MNCanna a bheith i dtimpeallacht ar léir gur timpeallacht foghlama gairmiúla comhroinnte í agus is gá go mbeidh siad **le feiceáil** agus **le cloisteáil** le linn an chruinnithe ar fad.

- Meabhraítear do MNCanna mura gcloíonn siad leis na prótacail nach dtabharfar an chreidiúint dóibh gur chomhlíon siad a riachtanais chnuaschruinnithe.

## Roimh Chnuaschruinnithe

- Ní mór go ndearna MNCanna iarratas ar Dhroichead trí www.teachingcouncil.ie agus ríomhphost deimhniúcháin a bheith faighte acu ón gComhairle Mhúinteoireachta (a thugann faomhadh chun tús a chur leis an bpróiseas Droichead) sula dtabharfaidh siad faoi aon chnuaschruinniú.
- **Ní thabharfar creidiúint tinrimh do MNCanna atá ag gabháil do chnuaschruinnithe gan ríomhphost deimhniúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta.**
- Nuair a fhaightear an ríomhphost deimhniúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta, ní mór do gach MNC clárú agus áit a chur in áirithe don CC ábhartha ag www.oide-droichead.com/register/. Nuair a bhíonn áit á cur in áirithe do CC 1, tá saoirse ag MNCanna a rogha Ionad Tacaíochta Oideachais a phiocadh. Ní bheidh CC 1 ar fáil gach seachtain i ngach ITO.
- Tá sé riachtanach go mbeidh an t-ainm agus Cláruimhir na Comhairle Múinteoireachta (CCM) a úsáideadh chun clárú do chnuaschruinnuithe mar an gcéanna leis an ainm agus an Chláruimhir a úsáidtear do Chlárúchán MNC leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Ba cheart do MNCanna tabhairt faoi CC 1 tar éis dóibh an ríomhphost deimhniúcháin a fháil ón gComhairle Mhúinteoireachta agus i rith an chéad téarma dá bpróiseas Droichead.
- Beidh dátaí agus amanna sonracha do gach imeacht cnuaschruinnithe ar fáil le cur in áirithe ar www.oide-droichead.com/, ar aon dul le Féilire Chnuaschruinnithe Droichead 2025.2026. Is féidir le MNCanna cliceáil ar Droichead - Féilire Chnuaschruinnithe 2025.2026 chun an féilire a fháil. Gheobhaidh MNCanna ríomhphost ag deimhniú a n-áirithinte. Níl MNC ar bith nach bhfuair ríomhphost deimhniúcháin go pearsanta ó riarthóirí an chúrsa incháilithe chun freastal air.
- Eiseofar dátaí agus amanna do chnuaschruinnuithe go rialta i rith na bliana.
- Mura mbíonn lucht freastail íosta ann i gcomhair an chnuaschruinnithe seo, is féidir go gcuirfí an ócáid ar ceal. Cuirfear in iúl do MNCanna go bhfuil sé curtha ar ceal agus beidh orthu dáta eile a roghnú. Eiseofar fógra cealaithe dhá lá roimh an imeacht roghnaithe - bíodh sin aghaidh ar aghaidh nó ar líne. Tabhair faoi deara, go gcuirfear líon cnuaschruinnithe go leor ar fáil chun riachtanais na MNCanna a chomhlíonadh.
- Ní mór do MNCanna páirt a ghlacadh i gcnuaschruinniú éagsúil amháin in aghaidh an téarma ar feadh a bpróisis Droichead.

- Má theastófar tuilleadh tacaíochta le clárú nó áirithint do chnuachruinnithe déan teagmháil le NQTinduction@oide.ie.

## I Rith Cnuaschruinnithe

**Cnuaschruinniú 1 - Aghaidh ar Aghaidh:**

- **Ceanglas deimhniúcháin:** Ní mór do MNCanna freastal ar an gcnuaschruinniú ar feadh dhá uair iomlána chun deimhniú a fháil. Ní dócha go bhfaighidh MNC a thagann níos mó ná 15 nóiméad déanach nó a fhágann go luath creidiúint as rannpháirteachas agus léireofar an t-eolas seo ar bhileog 'sínigh isteach' an imeachta.
- **Neamhchomhlíonadh:** Mura gcomhlíontar an ceanglas seo, is féidir go gcoinneofaí siar an deimhniú agus go caithfí an cruinniú a athdhéanamh.
- **Pleanáil taistil:** Meabhraítear do MNCanna a dturas a phleanáil roimh ré chun a chinntiú go dtiocfaidh siad go luath chuig an ionad tacaíochta oideachais atá roghnaithe acu.
- Sa chás go dtagann MNC níos mó ná 15 nóiméad mall nó má theastaíonn uathu imeacht níos mó ná 15 nóiméad luath, ní mór dóibh an doiciméad maidir le Teacht go Mall/Imeacht go Luath a líonadh, ag tabhairt na sonraí seo: ainm, Uimhir Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta, am teachta/imeachta, agus an fáth gur tháinig siad go mall nó gur imigh siad go luath.
- Ní cheadaítear an cruinniú a thaifeadadh agus sáraíonn sin prótacal.

**Cnuaschruinnithe 1, 2 agus 3 - Ar Líne:**

- **Ceanglas deimhniúcháin:** Ní mór do MNCanna freastal ar an gcnuaschruinniú ar feadh dhá uair iomlána chun deimhniú a fháil. Ní dócha go bhfaighidh MNC a thagann níos mó ná 15 nóiméad déanach nó a fhágann go luath creidiúint as rannpháirteachas agus léireofar an t-eolas seo ar bhileog 'sínigh isteach' an imeachta.
- **Neamhchomhlíonadh:** Mura gcomhlíontar an riachtanas seo, is féidir go gcoinneofaí siar an deimhniú agus go caithfí an cruinniú a athdhéanamh.
- Sa chás go dtagann MNC níos mó ná 15 nóiméad mall nó má theastaíonn uathu imeacht níos mó ná 15 nóiméad luath, ní mór dóibh an fhoirm maidir le **Teacht go Mall/ Imeacht go Luath** a líonadh ar líne, ag tabhairt na sonraí seo a leanas: ainm, Uimhir Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta, earnáil, am teachta/imeachta, agus an fáth gur thainig siad go mall nó gur imigh siad go luath.
- Tá ar MNCanna a bheith infheicthe agus inchloiste ar feadh thréimhse an chnuaschruinnithe ar líne agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh rochtain acu ar ghléas a éascaíonn é seo (ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce, go hidéalach).

- Tá spás atá oiriúnach go gairmiúil agus ciúin, atá saor ó chur isteach/torann cúlra, riachtanach. Ná déan dearmad fógraí a mhúchadh, aipeanna reatha a dhúnadh agus d'fhón a bhalbhú.
- Ba chóir do MNCanna logáil isteach sa chnuaschruinniú leis an ainm a úsáideadh chun clárú don imeacht (de réir a gClárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta) agus téann siad sa seomra feithimh ar líne 5 nóiméad roimh an am tosaithe.
- Ní cheadaítear an cruinniú a thaifeadadh agus sáraíonn sin prótacal.

## Tar éis Cnuaschruinnithe

- Gheobhaidh MNCanna a ghlac páirt go hiomlán sa CC dhá uair a chloig Teastas Críochnaithe ar ríomhphost faoi cheann 10 lá oibre. Is féidir le MNCanna cóipeanna breise dá dteastas/dteastais a phriontáil trí logáil isteach ina gcuntais ar www.oide-droichead.com.
- Ní mór do MNCanna a dTeastas/dTeastais C(h)ríochnaithe a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, chomh maith lena bhfoirm chomhlánaithe D ag deireadh a bpróisis Droichead.
- Níor cheart Foirm D a shíniú ná a chur isteach go dtí go mbeidh an riachtanas iomlán maidir le cnuaschruinniú comhlíonta.
- Tabhair faoi deara nach féidir cnuaschruinnithe breise a éascú lasmuigh den fhéilire 2025.2026.
- Tá tacaíocht ar fáil ó fhoireann Ceannairí Foghlama Gairmiúla a oibríonn le Rannán Ionduchtúcháin Droichead. Chun tacaíocht a fháil, déan teagmháil le NQTinduction@oide.ie. Tá eolas ar fáil ar rannán Ionduchtúcháin Droichead ar shuíomh gréasáin Oide https://oide.ie/ga/droichead/baile/.